**Leasú 2**
**Dragoş Pîslaru**
thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

**Tuarascáil** **A9-0054/2024**
**Irene Tinagli**
Staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh maidir le gnólachtaí
(COM(2023)0459 – C9-0316/2023 – 2023/0288(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Teastaíonn staidreamh maidir leis an margadh saothair ar ghnólachtaí san Aontas Eorpach chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, ar straitéis fostaíochta na hEorpa, ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ar an Seimeastar Eorpach. | (1) Teastaíonn staidreamh ***cruinn, tráthúil, iontaofa agus inchomparáide*** maidir leis an margadh saothair ar ghnólachtaí san Aontas Eorpach chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, ar straitéis fostaíochta na hEorpa, ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ***(EPSR),*** ar an Seimeastar Eorpach ***chomh maith leo siúd a bhaineann le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta EPSR agus phlean gníomhaíochta an gheilleagair shóisialta. Tá siad chomh tábhachtach céanna chun go gcomhlíonfaidh an tAontas na cúraimí a shanntar dó faoi Airteagail 2, 3 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).*** |

Or. en

16.4.2024 A9-0054/3

**Leasú 3**
**Dragoş Pîslaru**
thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

**Tuarascáil** **A9-0054/2024**
**Irene Tinagli**
Staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh maidir le gnólachtaí
(COM(2023)0459 – C9-0316/2023 – 2023/0288(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá gá le bunús dlí chun tarchur na bearna phá bliantúla idir na hinscní chun faireachán a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a rialáil, go háirithe, sprioc 5 maidir le Comhionannas Inscne. | (5) Tá gá le bunús dlí chun tarchur na bearna pá bliantúla idir na hinscní, mar chun faireachán a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a rialáil, go háirithe, sprioc 5 maidir le Comhionannas Inscne ***agus sprioc 8 maidir le hobair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch, chomh maith le faireachán ar thionchar Threoir (AE) 2023/970***. |

Or. en

**Leasú 4**
**Dragoş Pîslaru**
thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

**Tuarascáil** **A9-0054/2024**
**Irene Tinagli**
Staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh maidir le gnólachtaí
(COM(2023)0459 – C9-0316/2023 – 2023/0288(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (5) ciallaíonn 'fostaí' duine ar bith, beag beann ar a náisiúntacht, ar a chónaitheacht/cónaitheacht nó ar a fhad a d'oibrigh sé nó sí sa Bhallstát a bhfuil ***conradh*** fostaíochta díreach aige nó aici le fiontar (***bíodh an*** comhaontú ***foirmiúil nó neamhfhoirmiúil)*** agus a fhaigheann luach saothair, gan beann ar an gcineál oibre a dhéantar, ar líon na n-uaireanta a oibrítear (lánaimseartha nó páirtaimseartha) agus ar fhad an chonartha (seasta nó éiginnte, séasúrach san áireamh); is féidir le luach saothair fostaí a bheith i bhfoirm pá agus tuarastail, lena n-áirítear bónais, pá as tascobair agus uainobair, liúntais, táillí, coimisiún agus luach saothair comhchineáil; | (5) ciallaíonn 'fostaí' duine ar bith, beag beann ar a náisiúntacht, ar a chónaitheacht/cónaitheacht nó ar a fhad a d'oibrigh sé nó sí sa Bhallstát a bhfuil ***caidreamh*** fostaíochta díreach aige nó aici le fiontar ***arna bhunú le conradh foirmiúil nó le*** comhaontú ***neamhfhoirmiúil,*** agus a fhaigheann luach saothair, gan beann ar an gcineál oibre a dhéantar, ar líon na n-uaireanta a oibrítear (lánaimseartha nó páirtaimseartha) agus ar fhad an chonartha (seasta nó éiginnte, séasúrach san áireamh); is féidir le luach saothair fostaí a bheith i bhfoirm pá agus tuarastail, lena n-áirítear bónais, pá as tascobair agus uainobair, liúntais, táillí, coimisiún agus luach saothair comhchineáil; |

Or. en

**Leasú 5**
**Dragoş Pîslaru**
thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

**Tuarascáil** **A9-0054/2024**
**Irene Tinagli**
Staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh maidir le gnólachtaí
(COM(2023)0459 – C9-0316/2023 – 2023/0288(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn ‘fostóir’ fiontar nó aonad áitiúil a bhfuil ***conradh*** fostaíochta díreach aige le fostaí (***bíodh an*** comhaontú ***foirmiúil nó neamhfhoirmiúil***); | (6) ciallaíonn ‘fostóir’ fiontar nó aonad áitiúil a bhfuil ***caidreamh*** fostaíochta díreach aige le fostaí, ***arna bhunú le conradh foirmiúil nó le*** comhaontú ***neamhfhoirmiúil***; |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht